# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An Ardteistiméireacht 2012

# Aistriúchán
# Ar Scéim Mharcála

# Léann Clasaiceach

## Gnáthleibhéal

**Réamhrá**

Is fadréimseach agus is ilchineálach é an cúrsa Ardteistiméireachta sa Léann Clasaiceach. Déantar staidéar sa chúrsa ar an stair, ar an staireolaíocht, ar an bhfealsúnacht, ar an litríocht i seánraí éagsúla (lena n-áirítear filíocht eipiciúil agus filíocht liriciúil), ar an drámaíocht, ar an ealaín agus ar an ailtireacht. Léiríonn na ceisteanna ar an scrúdpháipéar an éagsúlacht seo i dtaca le cineálacha cur chuige agus scileanna. Dá bhrí sin, cuirtear an scéim mharcála in oiriúint don idirdhealú seo idir na topaicí aonair agus na ceisteanna.

Maidir le ceisteanna dioscúrsacha, bíonn scrúdaitheoirí sa tóir ar phointí atá saghas forbartha i bhfreagraí na n-iarrthóirí. Níl an leibhéal forbartha chomh dian ag an nGnáthleibhéal agus atá ag an Ardleibhéal. Go ginearálta, ag an nGnáthleibhéal, bíonn scrúdaitheoirí sa tóir ar eolas ar an gcúrsa agus cumas chun an t-eolas sin a léiriú.
Chun ardmharcanna nó marcanna iomlána a fháil beidh scrúdaitheoirí ag súil go ndéanfaidh iarrthóirí iad seo a leanas:

- go bhfreagróidh siad na focail ordaithe sa cheist, e.g. déan trácht ar, déan cur síos ar, déan anailís ar, déan plé ar, déan measúnú ar, tabhair tuairim, etc.
- go dtabharfaidh siad aghaidh ar an gceist
- go mbunóidh siad nasc idir an cheist a chuirtear agus an t-ábhar dualgais
- go ndéanfaidh siad iarracht an argóint nó an fhaisnéis a léiriú
- go gcomhlíonfaidh siad an méid thuas ar fad de réir fad sásúil.

Faoi mar a luaitear thuas, teastaíonn éagsúlacht sa chineál ceiste a chuirtear agus sa scéim mharcála mar gheall ar an éagsúlacht atá ina dlúthchuid den siollabas. Is follasach an méid seo, go háirithe sna ceisteanna faoi ‘Ealaín agus Ailtireacht’ (Topaic 8 agus 10), áit a bhféadfadh gur leor focal amháin nó pointe gearr corruair chun marcanna iomlána a fháil. Sna topaicí seo, táthar ag súil le téarmaí teicniúla cearta chun marcanna iomlána nó chun marcanna arda a fháil.

Leagtar leithdháileadh na marcanna as gach ceist agus focheist amach sa scéim mharcála thíos. Anuas air sin, mar phrionsabal ginearálta, is féidir na nithe seo a leanas a thabhairt faoi deara:

Nuair a theastaíonn líon pointí sainithe, agus mura bhfuil an líon ceart pointí forbartha ag iarrthóirí ach go bhfuil pointí nach bhfuil forbartha chomh maith céanna léirithe acu, bronnfar marcanna orthu ar scála carnach.

Beidh intinn oscailte ag na scrúdaitheoirí le linn dóibh obair na n-iarrthóirí a mharcáil agus tuiscint acu ar an gcás go bhféadfadh iarrthóir ábhar, argóint nó tuairimí a thabhairt nach bhfuil sa scéim mharcála ach atá bailí mar sin féin.

Bainfidh na scrúdaitheoirí úsáid as raon iomlán na marcanna atá ar fáil le haghaidh gach ceiste nó focheiste.

**Topaic 1.        An Aithin i mbun Cogaíochta.**

**(i)    (a)    30 marc. (10, 10, 10)**

Ar dtús, tar éis fhógra deiridh na Spartach, ghríosaigh sé na hAithnigh gan tabhairt isteach d'aon éilimh ó Sparta (alt 140 – 145). Molann sé dul chun cogaidh gan eagla. Tugann sé le fios na príomhbhuntáistí a bhaineann leis an Aithin (airgead, comhghuaillithe, longa, etc.) agus na bacainní ar fad a bheadh le sárú ag Sparta.
Deir sé go bhfuil smacht ar an bhfarraige ríthábhachtach, "...caithfimid cuimhneamh orainn féin mar oileánaigh" Fág an talamh, cosain an fharraige agus an chathair. I bhfocail eile, seachain cathanna ar an talamh. Molann sé chomh maith dóibh "gan cuir leis an impireacht" agus "gan stró a chur ort féin le bheith páirteach i bpriacail nua.

**(b)    20 marc. (10, 10)**
**Dhá** phointe ar bith i bhfabhar nó i gcoinne Pericles mar cheannaire (nó meascán). A chríonnacht agus a chinntitheacht maidir le hiompar an chogaidh; a thuiscint ar na trialacha agus ar an méid a d'fhulaing na daoine (Óráid Sochraide); a shocracht agus a chomhsheasmhacht. Is gné eile an meas a bhí air i measc na saoránach.
Éilíonn Thucydides go raibh a fhiúntas soiléir tar éis a bháis mar go ndearna "a chomharbaí an rud contrártha is a mhol sé agus níor éirigh leo in aon chor.

**(ii)    (a)    10 marc**
Ba iad na Hermae dealbha cloiche an Dé Hermes a bhí ina seasamh ag bealach isteach chuig teampaill agus tithe príobháideacha chun an t-olc a choinneáil ó dhoras. Is leor pointe **amháin**.

**(b)    40 marc. (14, 13, 13)**
Is iad seo na príomhphointí:
Rinneadh iniúchadh ar an díothú agus cúisíodh Alcaibiaidéas a raibh a fhios ag an saol go raibh sé fiáin agus sacrailéideach.
Shéan Alcaibiaidéas gach cúis ina leith agus d'ofráil sé dul ar a thriail láithreach sular imigh an tsluaíocht. Ach chinn an tionól an trial a chur ar athlá agus d'imigh Alcaibiaidéas go dtí an tSicil.
Chuaigh an fiosrúchán ar aghaidh in atmaisféar histéire a chruthaigh naimhde Alcaibiaidéas.
Cinneadh long a sheoladh chun Alcaibiaidéas a thabhairt ar ais go dtí an Aithin chun go dtiocfadh sé chun trialach.
D'aontaigh Alcaibiaidéas an long seo a leanúint ina long féin agus dul ar ais go dtí an Aithin. Ach bhí a fhios aige an toradh a bheadh ar an trial agus d'éalaigh sé. Chuaigh sé chuig an Iodáil ar dtús agus as sin go Sparta.

**(iii)    (a)    20 marc. (10, 10)**
Aon **dá** cheann d'argóintí na nAithneach.

- ... Bígí réalaíoch, féachaigí ar na fíricí. Braitheann ceartas ar chumhacht.
- ... Scriosfar bhur gcathair agus bhur muintir má leanann sibh leis an bhfrithbheartaíocht.
- ... Má fhágaimid saor sibh, breathnóidh ár gcomhghuaillithe air mar chomhartha laige. Caithfimid ár n-oileánaigh a smachtú níos mó ná cónaitheoirí talún.
- ... Níl seans dá laghad agaibh an ceann is fearr a fháil orainn.
- ... Ní bheidh maitheas ar bith i muintir Sparta daoibh. Ní bheidh siad ach ag obair ar son a leasa féin.
- ... Tá na déithe ag tacú linne an oiread céanna agus siad ag tacú libhse.

**(b) 20 marc (10, 10)**

Aon **dá** cheann d'argóintí na Méileasach.

- Éilíonn na Méileasaigh cóir agus ceartas.
- Tá ár neodracht feiliúnach daoibhse.
- Smaoinigh ar an tionchar a bheidh ar stáit neodracha eile.
- Tabharfaidh ár gcairde, muintir Sparta, cúnamh dúinn.
- Tacóidh na déithe lenár gcúis.

**(c) 10 marc.**
Cuireadh cathair Mhéileas faoi léigear agus gabhadh í. Cuireadh chun báis na fir ar fad a bhí in aois mhíleata, díoladh na mná agus na leanaí i gcomhair sclábhaíochta.

**(iv)** Déamastainéas **25 marc (13, 12)**

Beidh scrúdaitheoirí ag súil le **dhá** phointe ón méid seo a leanas:
Ról Dhéamastainéas ag Pulas agus Sfaictéiria; an pháirt a bhí aige i bhfeachtas Delium-Oropus; a rannpháirtíocht sa tSluaíocht chun na Sicile.

Brasadas **25 marc (13, 12)**

Beidh scrúdaitheoirí ag súil leis an **dá** phointe seo a leanas:
Ról Brasadas in iarracht Sparta Pulas a ghabháil; ceannas Bhrasadais ag Amphipolis agus a bhua agus a bhás ansin; a phearsantacht neamhghnách (do dhuine as Sparta!).

**Archidamus 25 marc (13, 12)**

**Dhá** phointe ón méid seo a leanas:
Chuir sé i gcoinne an chogaidh ag an am sin agus chuir sé argóintí láidre chun tosaigh; a ionsaí bliantúil ar an Ataic; a ról in Plataea.

**Topaic 2. Alastar Mór.**

**(i)** **(a) 15 mharc.**
Ní gá d'iarrthóirí cúlra a thabhairt ar stair na snaidhme.
Ba í an tsnaidhm sa chorda a chuir caoi ar chuingir an fhéin. Bhí sí ceangailte ar bhealach chomh glic sin nach bhféadfadh aon duine a tús ná a deireadh a fheiceáil.

**(b) 25 marc.**

Chun marcanna arda a fháil, ba chóir go mbeadh an dá mhodh fhéideartha a luaigh Airrianasar eolas ag iarrthóirí (Leabhar 2, alt 3).

**(c) 10 marc (5, 5)**
Beidh scrúdaitheoirí ag súil le **dhá** cháilíocht. Piseogach; suim mhór in oracail etc.; dúghafa le bheith ina cheannaire ar an Áise; ní féidir leis seasamh siar ó dhúshlán.

**(ii)** **(a) 20 marc.**
Áirítear leis na pointí tábhachtacha trialacha "bréige" Alastair, imeachtaí torannacha, báid a chur i bhfolach. Bealach casta le dul chuig an bhfíorphointe trasnaithe.

**(b) 20 marc. (7, 7, 6)**
Teastaíonn **trí** phointe ó iarrthóirí, ceann maidir leis an trasnú agus ceann maidir leis an gcath. Bhí an abhann ata de bharr báisteach monsúin. Thuirling sé ar oileán ar an abhann agus cheap sé go raibh an taobh eile sroichte aige. Thug fórsa faoi cheannaireacht mhac Phóras dúshlán dó i dtosach; bhí fórsaí níos mó ag Póras; bhí eilifint i measc fhórsa na naimhde.

**(c) 10 marc.** Beidh scrúdaitheoirí ag súil le pointe **amháin**. Tá roinnt eolais ar a dteacht le chéile ag teastáil.

**(iii)** **50 marc. (17, 17, 16)**
Beidh scrúdaitheoirí ag súil le **trí** tharlúint bhailí d'iompar Alastair a bhí ag éirí níos foréigní. D'fhéadfaí a leanas a áireamh sna samplaí: a fhreagairt ar líomhaintí in aghaidh Fhiolótas agus daoradh chun báis an fhir seo agus a athair Parméinión; marú Chléiteas; bás Challastainéas; a fhreagairt ar an dá cheannairc.

**(iv)** **(a) 15 mharc (8, 7)**
Beidh scrúdaitheoirí ag súil le **dhá** chúis leis an éirí amach agus caithfear cinneadh Alastair iad a sheoladh ar ais chun na Gréige agus bailiú tacaíocht epigonai a bheith san áireamh.

**(b) 35 marc. (12, 12, 11)**
Caithfidh iarrthóirí Pilib agus Alastar a chlúdach.

## Topaic 3. An Saol agus Cúrsaí Smaointeoireachta i bPoblacht Dhéanach na Róimhe.

**(i)** **(a) 10 marc.**
Is leor pointe amháin.
An ginearál Rómhánach a bhí i gceannas ar na Spáinnigh san éirí amach.

**(b) 30 marc. (10, 10, 10)**
Beidh scrúdaitheoirí ag súil le roinnt tuisceana ar oirbheartaíocht Sheartóirias agus roinnt eolais ar na tarlúintí cinntitheacha. Bhí an ceann is fearr ag Seartóirias sa chath seo. Sa dara heachtra, d'fhéadfaí oirbheartaíocht Sheartóirias i ndáil lena fhir a scaipeadh agus iad a chur isteach arís go tapa a lua. Cosúil leis an gcéad tarlúint neamhchinntitheach agus éalú ádhúil Phoimpéas a lua.

**(c) 10 marc.**
Pointe **amháin**: is é sin gur mharaigh baill dá pháirtí féin é. Ní gá ainmneacha a lua.

**(ii)** **(a) 30 marc. (10, 10, 10)**
Ní mór do na hiarrthóirí trácht a dhéanamh ar an <u>tslándáil</u> a bhaineann le suíomh intíre agus ar chontúirtí na <u>moráltachta</u> i gcathracha cois farraige. Tá cathú ann freisin maidir le díomhaointeas agus le só.

**(b) 20 (10, 10)**
De réir Chiceartó, bhain Romalas earraíocht as an bhfarraige tríd an Róimh a shuíomh ar bhruach abhann d'fhonn an trádáil a éascú. Is féidir leis an Róimh soláthairtí ríthábhachtacha a fháil ó láithreacha intíre freisin.
Ó thaobh na cosanta de, tá cnoic na Róimhe ina gcosaint den scoth ó ionsaí. Suíomh thar a bheith sláintiúil é freisin.

**(iii)** **(a) 25 marc. (13, 12)**
Ba cheart do na hiarrthóirí díriú ar an úsáid a bhain na Briotanaigh as carbaid.

**(b) 25 marc. (13, 12)**
Beidh na scrúdaitheoirí ag súil le smaoineamh Chaesair faoin gcruth atá ar an mBreatain, a treoshuímh, a cósta, an fad atá sí ón nGaill; trácht ar Éirinn agus ar Oileán Mhanann.

**(c) 25 marc. (13, 12)**
Caitheamh craicne, ruaimniú corp le goirmín, bearradh na gruaige uile ar an gcorp, seachas ar an liopa uachtarach agus gruaig fhada – tá siad seo uile bailí.

**(iv)** **(a) Dealramh. 40 marc**
Lorg freagra a phléann cúrsa an chumainn ghrá ón sonas eacstaiseach in *The Effects of Love* go dtí an tseirbhe in *A Prayer*.

**(b) 10 marc**
Tuairim a dtugann míniú bailí amháin tacaíocht di agus a léiríonn eolas ar na dánta.

**Topaic 4. Na Staraithe Rómhánacha.**

**(i)** **(a)** **35 marc. Trí phointe fhorbartha: (12, 12, 11).**

Ba cheart go n-áireofaí sna freagraí na príomhghnéithe de shaol Iúilia agus, ar ndóigh, dá bás brónach agus í ar deoraíocht ar oileán. Í tógtha aníos go dian le luachanna traidisiúnta, a póstaí arna n-eagrú ag a hathair (Marcellus, Tibir, Aigripe), na scannail a spreag Ágastas í a dhíbirt.

**(b) 15 mharc.** Pointe amháin agus tagairt don téacs mar thacaíocht dó.

**(ii)** **(a) 50 marc as (a) agus (b) le chéile.** Cuntas soiléir ar na tubaistí a d'fhulaing na léigiúin.

**(b) 10 marc.** Pointe amháin
Ghoill sé go mór ar Ágastas nuair a cailleadh trí léigiún sa Ghearmáin. Ba é an plean a bhí aige aníos go dtí an tubaiste sin codanna móra den Ghearmáin a chur faoi smacht Impireacht na Róimhe; go sonrach, an teorainn thoir a dhéanamh den Eilbe in áit na Réine. Tar éis na díomá seo, thug sé cúl a chinn leis an bplean seo ar fad.

**(iii)** **(a) 35 marc: (12, 12, 11)**
Mhol sé dlíthe diana pósta ach ní raibh sé in ann iad a chur i ngníomh toisc gur cuireadh ina gcoinne. Dá bhrí sin, thug sé dlíthe leasaithe isteach: pionóis a ghearradh ar dhaoine i gcás nár phós siad; luach saothair níos mó a thabhairt do theaghlaigh mhóra; spásas trí bliana a thabhairt do bhaintreach nó do bhaintreach fir sula bpósfaidís an athuair; sheas sé le taobh pháistí Ghearmánacais (a shin-gharchlann) os comhair an phobail lena thaispeáint do na ridirí a chuir i gcoinne a bheart a raibh sé ag súil uathu. Thug sé dlí isteach a bhain le tréimhsí fada dála.

**(b) 15 mharc. Dealramh.**
**Dhá** phointe ábhartha ar bith faoina saol agus/nó faoina carachtar. Bean chéile Ágastas. Níor bheir sí sliocht ar bith dó. Máthair Thibir. An ról a bhí aici maidir le hardú céime Thibir in oidhre Ágastas.

**(iv)** **50 marc. (17, 17, 16)**
Ba cheart go n-áireofaí réimse pointí sna freagraí. I measc na gceann a d'fhéadfaí a lua tá a éachtaí míleata (an Ghearmáin agus an Danóib), a lonnú sealadach ar Ródas, a phóstaí, a chaidreamh le hÁgastas). Séatóinias, *Beatha Thibir* (ailt 1-21).

**Topaic 5. An Drámaíocht Ghréagach.**

**(i)** **(a) 25 marc. Dealramh**
Ba cheart do na hiarrthóirí dul i ngleic leis an dá ghné den cheist. Tabharfar cuntas ar na céimeanna éagsúla de fhreagairt Éideapúis sna freagraí is fearr – ó iontas go mearbhall go fearg agus go bagairtí. Ní fada go gcuireann Éideapús i leith Tiresias gur chomhcheilg sé le Créón chun smacht a fháil ar an Téibh.

**(b) 25 marc (13, 12)**
Beidh na scrúdaitheoirí ag súil le dhá mhír ar a laghad arna nochtadh ag Tiresias, le deimhne nó le leathfhocal. Déanann sé cur síos ar Éideapús mar "an mhallacht, truailliú na talún". Marfóir Laius i bhfocail eile. Leanann sé air ag scaoileadh leathfhocal faoin gcaidreamh coimhthíoch idir Éideapús agus Iocasta agus a gcuid páistí. I ndeireadh na dála, tairngríonn sé daille Éideapúis.

**(ii)** **(a) 30 marc. Dealramh.**
Beidh na scrúdaitheoirí ag súil le cuntas measartha cuimsitheach ar an teacht le chéile. Faisnéis bhunriachtanach: tá Aegeus gan sliocht agus is mian leis é sin a athrú; an dóigh ar chaith Iasón agus Créón léi á nochtadh ag Méidé; tairiscint Mhéidé a neamhthorthúlacht a leigheas; comhaontú Aegeus tearmann a thabhairt di san Aithin agus an mionn sollúnta a ghlacann sé amhlaidh a dhéanamh.

**(b) 20 marc. Dealramh**
Pointe tábhachtach amháin. Is féidir le Méidé leanúint ar aghaidh lena cuid pleananna Créón, Glauce agus a páistí féin a mharú, agus í cinnte gur féidir léi éalú go dtí an Aithin agus an lámh in uachtar a fháil ar Iasón.

**(iii)** **(a) 30 marc (15, 15)**
Molann an Cór, "B'fhearr bás a fháil ná a bheith beo agus dall". Diúltaíonn Éideapús dó sin ar na cúiseanna a leanas: conas a d'fhéadfadh sé amharc i súile a dtuismitheoirí tar éis bás a fháil? Níos measa fós, ní féidir leis amharc ar a pháistí mar a tháinig siad ar an saol, ní raibh sé ábalta amharc ar a chathair, an Téibh, "Mise an mac is fearr dá cuid" ná ar a phobal féin.

**(b) 20 marc. (10, 10)**
Tuarann sé go mbeidh siad ó chúnamh. Beidh drochlaethanta i ndán dóibh, ní bheidh fáilte rompu chuig tionóil phoiblí, tiocfaidh siad abhaile agus iad ag caoineadh. Ní bheidh mian ag fear ar bith iad a phósadh; caithfidh siad an dínáire a fhulaingt. "Éireoidh siad sean gan dóigh ar bith orthu, gan phósadh agus gan pháiste." Is é Créón an t-aon ábhar dóchais atá acu.

**(iv)** **50 marc. Dealramh.**
Beidh na scrúdaitheoirí ag súil le heolas i gcás triúr carachtar ar a laghad. Tá páistí tábhachtach le haghaidh ionramháil Mhéidé ar Chréón agus ar Aegeus. Tá a cuid páistí tábhachtach di mar mháthair. Ní mharaíonn sí iad de bharr baothmhéine. Tá a pháiste tábhachtach do Chréón. Deir sé an méid sin. Tá an-dúil ag Aegeus a bheith ina athair ar pháiste. Tá aird ag Iasón ar a mhic. Tá sé sásta iad a thógáil sa phálás. Tá sé i gceist aige tuilleadh mac a bheith aige.

**Topaic 6. An Eipic Ársa.**

**(i)** **(a) 15 mharc. Dealramh**

Seo a leanas an dá phointe: deir sé leo gan a bheith muiníneach as an gcapall siocair gur cleas é agus an capall a mhilleadh ar dhóigh ar bith.

**(b) 25 marc. Dealramh.**

Beidh na scrúdaitheoirí ag súil le cuntas measartha mion ar theacht an dá phéist agus ar an ionsaí a rinne siad ar Laocoon agus ar a mhac.

**(c) 10 marc.**

Pointe amháin – chuir a bhás ina luí orthu gur cheart dóibh an capall a thabhairt isteach chun na Traí.

**(ii)** **(a) 15 mharc.**

Déanfaidh cuntas simplí ar chleas an chumhdaigh sochraide cúis.

**(b) 25 marc. Dealramh**

Áireofar leis na freagraí is fearr an drogall a bhí ar Phéinealaipé i dtús báire glacadh le hOdaiséas; a fhreagairt shocair; an dóigh a dtagann athrú ar a chuma tar éis dó folcadh a ghlacadh; idirghabháil Telemachus agus ceist tástála Phéinealaipé faoina leaba.

**(c) 10 marc**

**Aon** phointe bailí amháin a dtugann tagairt tacaíocht dó. Dílis, fulangach, cliste, etc.

**(iii)** **(a) 40 marc. Dealramh.**

Beidh na scrúdaitheoirí ag súil le cuntas measartha iomlán agus cruinn ar an eachtra cháiliúil seo: An cinneadh a rinne sé talamh na gCioclóp a fhiosrú; a fhiosrú ar an bpluais; imní ar a fhir agus an fonn a bhí orthu imeacht; Polaiféamas ag filleadh ar an bpluais; teacht amach Odaiséis chun aghaidh a thabhairt ar an mbeithíoch; deir sé gur 'Duine ar bith' an t-ainm atá air; tugann Odaiséas anrud fíona dá óstach; dhallraigh sé an fathach; an plean iontach éalaithe a bhí aige.

**(b) 10 marc.**

Teastaíonn cúis amháin. D'áitigh Odaiséas gur cheart fanacht ar úinéir na pluaise teacht ar ais agus shaighid sé an Cioclóp ag an deireadh.

**(iv)** **(a) 15 mharc Dealramh.**

Príomhphointí iad an slua iomadúil ag ruatharach thart agus na dóigheanna éagsúla ar caitheadh leo siúd a bhí curtha agus leo siúd nach raibh curtha. Buachaillí, cailíní gan phósadh, laochra misniúla, etc.

**(b) 10 marc.**

Míníonn an tSibil nach nglacann an farantóir, Charon, ach leo siúd atá marbh agus a cuireadh i gceart, le dul trasna abhainn an Stiocs. Diúltaítear iad siúd nach bhfuil curtha agus caithfidh siad a bheith ag fálróid thart ar an taobh mícheart den abhainn ar feadh céad bliain.

**(c) 25 marc. (13, 12)** – a thodhchaí féin agus todhchaí a shleachta**.**

Beidh na scrúdaitheoirí ag súil le trácht ar chuid de na Rómhánaigh iontacha a bheidh ina sliochtach de chuid Aeinéas, go háirithe Ágastas, a bhfuil a chuid éachtaí móra clúdaithe. Ina theannta sin, tá ráiteas Anchises ann faoi mhisin na Róimhe sa domhan (a*n Aeinéid* 6. 847-853).

**Topaic 7. Scríbhneoirí na Tréimhse Ágastaí.**

**(i)** **(a) 35 marc. Dealramh**

Tugadh cuireadh do na treibheanna mórthimpill chuig an gceiliúradh cluichí ar ar tugadh *Consualia*. Tháinig na Saibínigh i gcuideachta a mban céile agus a bpáistí. Nuair a bhí a n-aird dírithe ar an tsiamsaíocht, bheir fir óga Rómhánacha, tar éis comhartha a fháil, iníonacha na Saibíneach leo. Rírá ba thoradh leis na cluichí. Labhair Romalas leis na mná a gabhadh agus chuir sé ar a suaimhneas iad. B'ábhar sóláis do na cimí freisin an cion a bhí ag a bhfir chéile nua oraibh. Tá cuntas soiléir de dhíth.

**(b) 15 mharc. Dealramh.**

**(ii)** **(a) 30 marc.**

Bhain dobharnathair greim as Eoraidícé ar bhruach abhann. Tar éis dó dul isteach sa domhan thíos, chinntigh sé go scaoilfí spiorad a ghrá ar choinníoll amháin arna leagan síos ag Peirsifiné. Leanfaidh Eoraidícé é aníos go dtí an t-aer uachtarach ach ní thig le hOirféas amharc ar ais uirthi. Bhuail taom mire é agus d'amharc sé ar ais agus, dá bhrí sin, chaill sé Eoraidícé choíche.

**(b) 10 marc.**

Ní raibh Bacchantes na Tráicia róshásta leis an bhfaillí a rinne sé iontu agus, dá bhrí sin, stróic siad é ó ghéag go géag agus scaip siad é ar fud na talún. Chuaigh a cheann bainte le sruth síos Abhainn an Hebrus, é ag scairteadh amach ainm Eoraidícé.

**(c) 10 marc.** Pointe amháin míniúcháin a dtugann tagairt tacaíocht dó.

**(iii)** **(a) 50 marc. Dealramh. 35 marc ar a mhéad má fhágtar ceachtar cuid ar lár.**

Beidh na scrúdaitheoirí ag súil le heolas ar réimse dánta le Proipeirtias ar an gcúrsa. Príomhdhánta iad *Susceptibility, Love and Peace, The God of Love* agus *Cynthia is Dead.*

**(iv)** **50 marc. Dealramh. 35 marc ar a mhéad má fhágtar ceachtar cuid ar lár.**

Beidh na scrúdaitheoirí ag súil le heolas ar réimse dánta le Horáit ina léirítear dearcadh an fhile. Ní gá na do hiarrthóirí ainm a thabhairt ar na dánta uile.

**Topaic 8. Ealaín agus Ailtireacht i Sochaí na Gréige.**

**(i)** **(a) 10 marc.** Dórach

**(b) 25 (13, 12)**

Beidh na scrúdaitheoirí ag súil le **dhá** phíosa fianaise, mar shampla, i bhfad níos mó dealbhóireachta ar an bPartanón, na comhréireanna, an mhéid, an t-ábhar.

**(c) 3 x 5 = 15 mharc**

a (peidiméid), b (triglif) c (imchásáil)

**(ii)** **(a) 10 marc. Kouros**

**(b) 10 marc.** An Luath-Ré Ársa. 7 marc as 'Ársa'.

**(c) 30 marc (10, 10, 10)**
Trí ghné roghnaithe chearta ar bith.

**(i)** **(a) 10 marc (5, 5:** Heirméas agus Diníseas**)**

**(b) 10 marc.** Praxiteles

**(c) 10 marc.** 4ú haois

**(d) 20 marc (10, 10)**
Beidh na scrúdaitheoirí ag súil le heolas ar an stíl níos boige agus níos séimhe, cáilíocht an ghotha gnúise atá macasamhail brionglóide, rindreáil nádúrtha na héadaitheoireachta.

**(iv)** **(a) 15 mharc** Gall ag cur lámh ina bhás féin agus i mbás a mhná céile.

**(b) 25 marc (13, 12)**
I measc na bpointí tábhachtacha tá an dóigh a ndéileáiltear go drámata agus go mothúchánach le téama tromchúiseach, an scil fhíornádúraíoch a léiríonn an réalachas ag gluaiseacht i dtreonna éagsúla, an dóigh a ndéileáiltear leis an éide.

**(c) 10 marc**
Míniú eolach.

**Topaic 9. An Fealsamh sa tSochaí: Staidéar ar Shócraitéas agus ar Phlatón.**

**(i)** **(a) 25 marc. Dealramh.**
Ba cheart gach gné den mhiotas a chlúdach.

**(b) 15 mharc. (5, 5, 5)**

**(c) 10 marc.** Cúis amháin ar bith agus í mínithe ar bhealach eolach.

**(ii)** **(a) 40 marc.**
Dealramh, ach beidh na scrúdaitheoirí ag súil le plé dóthanach ar na trí ghné uile.

**(b) 10 marc.** Fáth amháin.

**(iii)** **(a) 35 marc.** Cuntas soiléir, lena n-áirítear na gnéithe tábhachtacha uile den mhiotas.

**(b) 15 mharc.** Ba cheart go gcuirfí léirthuiscint in iúl.

**(iv)** **(a) 25 marc.** Tá míniú soiléir de dhíth.

**(b) 25 marc. (13, 12)**
Tá drogall ar Shócraitéas a ghlacadh nach mbeidh na saoránaigh sásta leis an tsochaí bhunaíoch ar thug sé breac-chuntas uirthi. Deir Glaucon gur cheart go mbeadh sónna níos sibhialta acu. Cuireann Sócraitéas gairmeacha ar nós bearbóirí, dochtúirí, taibheoirí agus ceirdeanna eile san

áireamh ansin.  Sa dóigh seo, tagann méadú ar an daonra agus ní mór freastal ar a gcuid riachtanas maidir le sónna.

**Topaic 10.     Ealaín agus Ailtireacht na Rómhánach.**

**(i)** **(a) 10 marc.** Pont du Gard.

**(b) 30 marc.  Dealramh.**
Beidh na scrúdaitheoirí ag súil le cur síos cuimsitheach; tá trí leibhéal stuanna air; tacaíonn an bunleibhéal le bóthar; tá an seolphíobán ar barr dhá mhéadar ar airde agus méadar amháin ar leithead. Tá sé déanta d'aolchloch áitiúil; gobann bloic amach ón éadan d'aon ghnó chun oibrithe cothabhála a éascú.

**(c) 10 marc.** Féadtar pointí a dhéanamh maidir le cúrsaí praiticiúla nó le cúrsaí aeistéitiúla.

**(ii)** **(a) 10 marc.** Colún Thráian.

**(b) 10 marc.** An feachtas Dáiciach.

**(c) 30 marc (10, 10, 10). 20 marc ar a mhéad mura dtugtar aghaidh ar 'leanúnach'**
Glactar anseo go mbaineann gnéithe an struchtúir le hábhar, chomh maith leis an dealbhóireacht rilífe. Colún Dórach é a tógadh le marmar Pairiach; tá an bun ina sheomra sochraide ina bhfuil luaithreach Thráian agus a mhná céile.  Cuireann Wheeler in iúl a thábhachtaí atá fíor Thráian agus é le sonrú sna radhairc uile agus é ina fhíor nasctha beagnach.  Ligeann an dealbhóir do radharc amháin meascadh le radharc eile i sreabhadh leanúnach.  Tá "comhleantacht fhada d'eachtraí gléasta" ann; "ritheann an t-aicsean ó eachtra amháin go heachtra eile gan staonadh". Shílfeá gur manglam measctha fíoracha atá ann an chéad uair a chaitheann tú spléachadh air, ach tiontaíonn sé ina scéal fíorshuimiúil i gceann atha.

**(iii)** **(a) 10 marc (5, 5)**
Aichill agus Diomedes (nó Odaiséas)

**(b) 20 marc. (10, 10)**
Scéal simplí a chlúdaíonn an eachtra faoin gcaoi a raibh Aichill faoi bhréagriocht cailín ionas nach mbeadh air dul go cogadh na Traí agus faoin gcaoi ar thug Odaiséas agus Diomedes an cleas faoi deara agus a rinne é a nochtadh.

**(c) 20 marc. (10, 10)**
Ba cheart go mbeadh na hiarrthóirí in ann na dathanna atá in imeartas le chéile (bán i gcás na gcailíní, dúdhonn i gcás laochra na Gréige) a thaispeáint; na gothaí gléineacha ar na haghaidheanna; na línte an-láidre a chruthaíonn na lámha agus na sleánna; na rudaí caite gan chúram ar an talamh.

**(iv)** **(a) 20 marc (7, 7, 6)**
I measc na bpríomhghnéithe tá an cúlradharc (*scaenae frons*) ina bhfuil gnéithe ilchasta ailtireachta (piléir, dealbh, trí stór).  Dearadh Rómhánach é tríd is tríd – leagan amach iniata agus an cúlradharc ceangailte leis na taobh-bhallaí.  Is féidir an *cavea* a fheiceáil sa ghrianghraf, ba í seo an áit ina suíodh an lucht féachana.

**(b) 20 marc (10, 10).**
Má bhíonn baint ar bith ag (a) leis seo, tabharfar creidiúint do na hiarrthóirí as na halmóirí i gcomhair na ndealbh, na piléir, na cuasáin agus cuma ard mhaorga an chúlradhairc, a lua.

**(c) 10 marc.  Pointe amháin**
Ba cheart go mbeadh a fhios ag na hiarrthóirí go bhféadfaí scáthbhrat canbháis a tharraingt trasna na hamharclainne. D'fhéadfaí trácht a dhéanamh ar coirbéil freisin le marcanna a fháil.